Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ SCRÍOFA**
**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Saincheisteanna teanga**

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa chluastuiscint nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc measúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

1. Níor chóir marcanna a bhronnadh nuair a bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Ghaeilge (возмужал: d'éirigh sé go príomha — seachas d'éirigh sé fearúil; в (парадной) форме: i bhfoirm — seachas in éide (ghréasta); работал над своими физическими данными: d'oibrigh sé ar a chuid fisice — seachas d'oibrigh sé ar a chruthaíocht/a chorp/a aclaíocht; учу первой, второй позиции: Múinim an chéad agus an dara foirm dóibh — seachas an chéad agus an dara suíomh (sa bhailé))
2. Glactar leis na húsáidí seo a leanas:
    - Líon beag focal "iasachta" a fhaightear sa Nua-Ghaeilge/Nua-Bhéarla caighdeánach (e.g. *daitse, putsch, peireastráice, gleasnast...*)
    - Úsáid bainte as acrainmneacha a thagann ón Rúisis (e.g. SSSR)
    - Úsáid bainte as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléire tar éis leagan Gaeilge den téarma céanna (e.g.)
    - Cásanna ina léirítear sa fhreagra trí chéile gur baineadh úsáid chuí as struchtúr agus stór focal na Gaeilge.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu cúis.
- Baintear úsáid as an gcomhartha suimithe [+] chun coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt; bronntar marc as gach gné i sraith de … + … + … + suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I: LÉIRTHUISCINT (120 marc)**
**Freagair ceisteanna 1, 2 agus 3.**
**C.1.1. Léirthuiscint [50: 40+ 10]**

- *Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.*
- *San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.*
- *Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.*
- *Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.*
- *Bronn 2 mharc as gach sonra.*

**1.i. Cén eachtra shonasach a chuireann tús leis an scéal seo? Tabhair sonra amháin.**
***bronn dhá mharc:*** breith buachalla/mic/páiste/linbh **1 x 2 = 2**

**1.ii. Cén cinneadh a rinne Victor agus é ag aois an-óg? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**
***bronn dhá mharc***: seirbhís a dhéanamh san arm/ dul isteach san arm/ (a bheith ag obair) san arm

**1.iii. Cén duine agus cén rud a raibh tionchar acu ar chinneadh Victor? Tabhair trí shonra.**
**3 x 2 = 6**
***bronn dhá mharc****:* a sheanathair (san arm) + bródúil + scéalta faoin Dara Cogadh Domhanda/scéalta faoin gcogadh + boinn (throma) + scéalta faoi bhoinn + cruthaíodh íomhánna de chrógacht/de chathanna/ sa tsamhlaíocht + dualgas: shíl sé gur cheart d'fhir óga seirbhís a dhéanamh san arm/ chreid sé go raibh sé faoi chomaoin ag a thír dhúchais
***ná bronn aon mharc:*** chonaic sé pictiúir den chogadh + chreid sé go raibh sé i bhfiacha lena thír dhúchais

**2.i. Tabhair trí shonra faoin tréimhse a chaith Victor ar scoil. 3 x 2 = 6**
***bronn dhá mharc:*** gnáthbhuachaill (scoile) a bhí ann/ ar nós na bpáistí eile uile + lúcháireach/sásta + ábhailleach/ dána/ meidhreach + bhí seasamh a choda ann + ghlac sé páirt i spóirt + rith sé cuid mhór + d'imir sé peil + scoláire maith ba ea é/ ghnóthaigh sé torthaí maithe
***ná bronn aon mharc:*** bheith i ndea-ghiúmar; greannmhar; d'oibrigh sé ar a chuid fisice

**2.ii. Tabhair dhá shonra faoi sheirbhís mhíleata Victor. 2 x 2 = 4**
***bronn dhá mharc:*** chuaigh sé go dtí Oifig Clárúcháin an Airm/ Oifig Earcaíochta an Airm/ pointe míleata (in Stavropol) + go dtí Cathair Pheadair ina dhiaidh sin + fíoraíodh a bhrionglóid/ rinne sé seirbhís sa chabhlach + thosaigh sé ar a sheirbhís mhíleata in Kronstadt + scríobh sé litreacha go rialta/go minic + (scríobh sé) faoi (rialacha/nósanna/shaol/thraidisiúin) an airm// + cé chomh suimiúil a bhí gach rud + d'fhan sé ar feadh bliana/ mhair sé ar feadh bliana
**Glac le sonraí ó Roinn 4 mar shampla:** d'fhoghlaim Victor faoi bhrí na beatha + d'fhoghlaim Victor conas a thír a chosaint
***ná bronn aon mharc:*** arm faoi uisce

**3.i. Tabhair dhá shonra faoina lá deireanach ag Victor san arm. 2 x 2 = 4**
***bronn dhá mharc*****:** d'fhág sé slán lena chairde + d'fhan sé ina shuí go mall + labhair sé lena chairde + gheall sé go gcasfadh sé orthu arís + phacáil sé a chás ar maidin
***bronn marc amháin:*** d'fhág sé slán lena chara/chas sé ar a chara

**3.ii. Tabhair trí shonra faoin lá a d'fhill sé abhaile. 3 x 2 = 6**
***bronn dhá mharc*****:** phacáil sé a chuid giuirléidí + d'fhág sé/thug sé aghaidh ar an mbaile + tháinig an teaghlach ar fad le chéile + tháinig Victor/ bhain Victor an teach amach agus é faoi éide (ghréasta)/ faoi lánéide an airm + bhí sé fásta (aníos)/ bhí cuma ní ba shine air + chuaigh sé i neart/ d'éirigh sé níos láidre + bhí sé muiníneach/ ní raibh eagla air
Bhí Anna ag smaoineamh ar a deartháir – arbh é an duine céanna anois é?
***ná bronn aon mharc:*** d'éirigh sé go príomha; i bhfoirm

**4.i Tabhair ceithre shonra faoin méid a thugann seirbhís mhíleata d'fhir óga, dar le hAnna. 4 x 2 = 8**
***bronn dhá mharc*****:** tagann fir óga in inmhe/ fásann siad aníos + foghlaimíonn siad conas a dtír a chosaint/a dtír a choinneáil sábháilte + éiríonn siad níos crua/níos láidre (go spioradálta/ó thaobh intinne de) + fulangach + sáraíonn siad an uile rud diúltach/faigheann siad réidh le diúltachas + foghlaimíonn siad conas meas a bheith acu ar an mbeatha/luach na beatha + tuigeann siad brí na beatha/an cuspóir atá leis an mbeatha/an chiall atá leis an mbeatha + tuigeann siad a thábhachtaí atá an teaghlach/gaolta ina saol + bíonn meas/aird acu ar na rudaí fánacha sa saol + (: litir ón teaghlach/ féar glas/cuairt teaghlaigh /lá saor)
***bronn marc amháin:*** foghlaimíonn siad/tuigeann siad costas/praghas na beatha
***ná bronn aon mharc:*** fásann siad níos tapa san arm

**4.ii. Cén t-athrú a thug Anna faoi deara ar a deartháir nuair a d'fhill sé abhaile?**
**Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**
***bronn dhá mharc*****:** tháinig athrú chun feabhais air + tá sé níos láidre/ níos cliste + tá athrú tagtha ar a thuairimí/ a bhreithiúnas/a bharúil/ a dhearcadh ar an saol

**C.1.2. Feasacht teanga (10 marc)**
Breac síos an t-infinideach de **cúig** cinn de na briathra thíos. Ná hathraigh gné an bhriathair: má thugtar sa ghné neamhfhoirfeach é, tabhair an t-infinideach neamhfhoirfeach; má thugtar sa ghné fhoirfeach é, tabhair an t-infinideach foirfeach.
Bronn dhá mharc as gach freagra ceart. **5 x 2 = 10**

| | **Infinideach /инфинитив** |
|---|---|
| связывают | Связывать |
| подрастает | Подрастать |
| растёт | Расти |
| решил | Решить |
| пойдёт | Пойти (***ná bronn aon mharc***: пойди, пойдти) |
| собралась | собраться |
| вижу | Видеть |
| возник | Возникнуть |
| является | Являться |

**C.2. Achoimriú (50 marc)**

**C.2.1.** Scríobh achoimre **i nGaeilge**, de réir na dtreoracha thíos, ar ábhar gach Roinne. Bronntar marcanna as ábharthacht na bhfreagraí agus as scileanna achoimrithe, as struchtúrú do fhreagra, agus as do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.

**(40 marc)** ***4 x 10 = 40***

| |
|---|
| *Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS bronn 2 mharc lánroghnacha ar iarrthóirí*<br>• *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*<br>• *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*<br>• *A chuireann sonraí breise ar fáil.*<br>• *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*<br>*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha má léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach má dhéanann siad earráidí i dtaobh sonraí / má fhágann siad ar lár na sonraí nó má tá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas leo.*<br>*Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí atá ar fáil sa cheist.*<br>*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna don ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith de na sonraí ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (má scríobhann siad an iomarca focal Rúisis ina gcuid freagraí, mar shampla).*<br>*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach.*<br><br>*Ainmneacha comórtas, amhrán, albam:*<br>*bronn marc ábhair i gcás go gcuireann iarrthóir in iúl go dtagraíonn ainm comórtais, amhráin nó albaim do chomórtas, d'amhrán nó d'albam;*<br>*bronn marc ábhair i gcás go n-aistríonn iarrthóir ainm comórtais, amhráin nó albaim (gan a chur in iúl go dtagraíonn sé sin do chomórtas, d'amhrán nó d'albam);*<br>*ná bronn marc ábhair* ***ar bith*** *i gcás go dtugann iarrthóir ainm comórtais, amhráin nó albaim i Rúisis agus nach gcuireann sé/sí in iúl go bhfuil a fhios aige/aici go dtagraíonn sé sin do chomórtas, d'amhrán nó d'albam.* |

**1. Tabhair ceithre shonra faoin gcaoi ar thosaigh gairm bheatha Ilya. (4 x 2) +2=10**

***Príomhphointí:*** thosaigh a ghairm bheatha i mbaile Strunino + ba mhian leis dul go scoil cheoil + chuir a mháthair in aghaidh na suime a bhí aige sa cheol/cheap a mháthair nár cheart dó a bheith ina amhránaí toisc nár ghairm bheatha fearúil go leor é + d'éirigh go maith leis i gcomórtas gutha do pháistí/"Amhrán 97" ["Song 97"] + thug a thuismitheoirí tacaíocht dó ina dhiaidh sin + ghlac sé páirt i mórán comórtais ghutha + fuair sé taithí ón rannpháirtíocht + bhuaigh sé duaiseanna + bhuaigh sé an comórtas "Réalta na Maidine" ["Morning Star"] sa bhliain 2000

***Sonraí tánaisteacha:*** rugadh é i Moscó + níor fhreastail sé ar scoil cheoil + tar éis a bhua in 2000 spreagadh diongbháilteacht ann agus thuig sé go bhféadfadh gairm bheatha a bheith aige sa cheol

***Gan aon mharcanna:*** slí dála/slua

**2. Tabhair ceithre shonra faoin gcuntas a thugann Ilya ar a chuid ceoil agus faoi thábhacht an cheoil ina shaol.** **(4 x 2) +2=10**

***Príomhphointí:*** is é a chuid ceoil a anam/a bhraistintí/a mhothúcháin/tús agus deireadh a shaoil + an grá is bunús lena cheol + léiríonn sé a ghrá don saol/don teaghlach/do chairde/ don ardán/don cheol/ dá pháirtí amach anseo trí amhráin + ní chanann sé ach na hamhráin a mhothaíonn sé agus a thuigeann sé + (tá sé mar aidhm ag a chuid amhrán) croí/anam a lucht éisteachta (a chorraí/a thógáil) + canann sé do na daoine sin a thuigeann ceol/ a éisteann le ceol + daoine a thuigeann grá/uaigneas/lúcháir/dobrón + tá a chuid amhrán oiriúnach don uile aoisghrúpa
***Sonraí tánaisteacha:*** caithfidh carasma a bheith ag aisteoir/amhránaí le go bhféadfaidh sé/sí a bheith gairmiúil + bua ó Dhia é canadh/aisteoireacht

**3. Tabhair ceithre shonra faoi ghairm bheatha Ilya mar cheoltóir.** **(4 x 2) +2=10**
***Príomhphointí:*** bua sa chomórtas "Réalta na Maidine" ["Morning Star"] + bhí sé ag glacadh páirte i mórán féilte agus ócáidí + eagraithe ag rialtas Mhoscó + chuir sé 2 albam amach "Tabhair Saoirse Dom" ["Give Me Freedom"]/"Tig liom Grá a Thabhairt" ["I Can Love"] + (2/uimhir iolra) cheolchoirm (aonair) /"Tabhair Saoirse Dom" ["Give Me Freedom"]/Canann an tAnam ["The Soul Sings"] (Eanáir, Iúil 2009) + ghlac sé páirt sa tionscadal "Alla sa Tóir ar Thallann" ["Alla Searching Talents"] agus i raidió "Alla".
***Sonraí tánaisteacha:*** chabhraigh an bua leis teacht in inmhe/leanúint ar aghaidh lena ghairm bheatha + chan sé sa scoil ar fhreastail sé uirthi/ bhog sé ar ais go Moscó + bhuail sé le cairde/teagmhálaithe nua + bhí taithí á baint amach aige

**4. Tabhair ceithre shonra faoin obair atá idir lámha ag Ilya faoi láthair agus faoin méid is féidir lena lucht leanúna a bheith ag súil leis amach anseo.** **(4 x 2) +2=10**

*Ná tabhair 2 mharc bónais más rud é nár tuigeadh ord na n-eachtraí.*

***Príomhphointí:*** tá ceolchoirm (a 3ú ceolchoirm/ ceolchoirm féin/ ceolchoirm aonair) idir lámha aige ("Tig liom Grá a Thabhairt.." ["I Can Love.."]") + 24 Eanáir + (tá a sheacht ndícheall á dhéanamh aige) lena chinntiú go dtéann sé i bhfeidhm ar an lucht éisteachta/lucht féachana/ go gcuireann sé lúcháir/ionadh ar an lucht éisteachta/lucht féachana + tá a chéad ghearrthóg físe "Dhá Choinneal" ["Two Candles"] ag teacht amach (i lár) mhí na Nollag + osclaíodh an suíomh gréasáin oifigiúil (mí Dheireadh Fómhair seo caite) + tá an suíomh gréasáin á nuashonrú i rith an ama + tig lena lucht leanúna an nuacht go léir a léamh ar a shuíomh gréasáin www.scherbakov.ru + bíonn rud éigin aige i gcónaí a chuireann ionadh ar a lucht éisteachta
***Sonraí tánaisteacha:*** thosaigh daoine ag cur ticéad in áirithe agus ag ceannach ticéad

**C.2.2. Feasacht teanga (10 mharc)**
Faigh **deich** bhfocal sa téacs a bhaineann le ceol agus tabhair i **Rúisis** iad.
***Bronn marc amháin as gach freagra ceart.*** **10 x 1 = 10**

альбом (CD),
артист,
билет(ы).
видеоклип,
вокальные (способности),
(вокальный) конкурс,
выступать,
записать
звезда,
звук,
концерт,
мастерство
мелодия,
музыка,
музыкальная (школа),
песня,
петь/спеть (спою),
поклонник,
профессионал,
радио,
слушатель,
слушать
сольный,
сцена,
танцевать,
творческий путь,
творчество,
фестиваль
эстрадная (музыка)

**C.3. Struchtúrú dioscúrsa**
Léigh na míreanna gearra nuachta seo a leanas. Meaitseáil na míreanna nuachta sa tábla thíos leis an rannóg nuachtáin chuí. Cuir isteach uimhir na rannóige cuí sa bhosca atá taobh leis an mír nuachta ábhartha. **(20 marc)**

***2 mharc as gach freagra ceart*** **10 x 2 = 20**

| | |
|---|---|
| 9 | Во многих бывших советских республиках 9 мая состоялись торжества, посвященные празднованию очередной годовщины Дня Победы. |
| 7 | Итальянский модный дом Gucci откажется от мехов, начиная с коллекции весна-лето 2018. |
| 1/ 2 | Международная федерация баскетбола (FIBA) официально разрешила игрокам выходить на площадку в хиджабах и прочих головных уборах при условии, что они будут либо выдержаны в черно-белых цветах, либо сочетаться с цветом формы команды. |
| 10 | В зоопарке Атланты в возрасте 39 лет скончался орангутанг Шантек, который первым из своих сородичей выучил человеческий язык жестов. |
| 3 | Россияне проводят в соцсетях 32% всего своего онлайн-времени, или почти 20 часов в месяц. |
| 6/ 10 | Ученые из США установили, что присутствие собаки в доме снижает риск возникновения экземы и развития астмы у младенцев. |
| 5 | В МВД заявляют о сокращении количества нелегалов на территории РФ, сейчас их число составляет 2,3 миллиона человек. |
| 2 | Спасо-Преображенский собор в Тверском кремле, взорванный в 1935 году, будет восстановлен. |
| 8 | Глава Центробанка, Эльвира Набиуллина, разговаривала с Путиным о состоянии российской банковской системы и приоритетных направлениях ее развития. |
| 4 | Россияне предпочитают ездить на новой «Ладе». В сентябре было продано 28 263 штуки, что сразу на 23,8% больше, чем за аналогичный период 2016 года. |

**ROINN II: GRAMADACH, ÚSÁID TEANGA AGUS SCRÍBHNEOIREACHT FAOI THREOIR (100 marc)**

**C.1.** Léigh an téacs seo thíos. Cuir na focail atá idir lúibíní san fhoirm cheart. Tugtar na hainmfhocail, aidiachtaí agus forainmneacha go léir sna foirmeacha ainmneacha; tugtar na briathra san infinideach den ghné chuí. Ní bhronnfar marcanna ar fhocail nach litrítear i gceart ná ar fhocail ionadaíocha. **(30 marc)**

| |
|---|
| *DHÁ mharc as gach foirm cheart 15 x 2 = 30* |
| *Sa cheacht seo tá na freagraí ceart nó mícheart:* |
| • *Ná bronn marcanna má tá an focal mílitrithe/mura bhfuil sé tras-scríofa i gceart. Déileáiltear le litreacha Laidine mar earráidí.* |
| • *Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart* |

Мой день обычно начинается с пробежки. Я просыпаюсь на полчаса раньше, чем мне нужно было бы, если бы я утром не спешил на спортплощадку.
Пока я занимаюсь зарядкой, мама с папой уже уходят на работу. Завтрак они оставляют мне в холодильнике.
А потом меня ждет день школьных занятий. Школа моя находится недалеко от дома, я иду туда пешком. Учусь я хорошо, но без фанатизма, как говорят учителя. Ранее отец уговаривал меня учиться лучше, говорил, что я могу быть отличником. Но я не справился с таким большим и серьезным заданием.
Мой любимый урок в школе - биология. Сегодня его, увы, нет. Еще я люблю физику, химию, то есть науки о природе. Мне интересно не только учиться, но и активно заниматься внешкольным творчеством. Я люблю занятия в кружках и секциях больше, чем "потеть" за партой с учебниками. Поэтому сегодня после уроков я останусь на репетицию команды КВН.
Мое хобби — фотография, и завтра я пойду в фотосекцию в наш местный Дом культуры. Там мы будем учиться снимать фотоаппаратами и камерами, профессионально печатать фотографии, делать своими руками красивые рамки для фото.
Вечер я провожу дома, готовлю себе костюм на КВН, разговариваю с родителями за ужином, а спать пытаюсь ложиться как можно раньше, потому что люблю просыпаться рано. Завтра будет новый день моей замечательной жизни!

**C.2. Feasacht chultúrtha (30 marc)**
Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) **i Rúisis** ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna ar ábharthacht, ar úsáid na teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe). Tabhair teideal na haiste le cur in iúl cé acu ceann de na haistí atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.
1. Ceol agus/nó ceoltóirí na Rúise / Музыка/ музыканты в Российской Федерации.
2. Litríocht na Rúise/ Русская литература.
3. Tithíocht i gCónaidhm na Rúise / Жильё в Российской Федерации.
4. Naisc idir Éirinn agus an Rúis / Российско-ирландские связи.
5. Cathracha i gCónaidhm na Rúise / Города в Российской Федерации.

***1. ábhar*** **10**
***2. teanga/cumas scríofa*** **20**

***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

*1. Cumarsáid/ábhar (C)*
*Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha: cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú. Ní bhronnfar aon mharcanna teanga as freagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.*
*Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach í).*
*Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).*
*Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.*

*2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.*
- *Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 fhocal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.*
- *Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha, ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 9 agus 16 (9-11; 12-14; 15+16) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.*

*Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.*
*Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.*
*Cuir líne faoi dhrochbhotúin.*
*Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1 NÓ – 2).*

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| 18-20<br><br>A níos ísle<br>15-16<br><br>E níos ísle<br>12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil stór focal leathán cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc atá roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 14-17<br><br>A níos ísle<br>12-14<br><br>E níos ísle<br>10-11 | Baintear úsáid as stór focal cuí, gan ach mion-earráidí i dtaobh stór focal. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga.<br>Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 10-13<br><br>A níos ísle<br>9-11<br><br>E níos ísle<br>7-9 | Baintear úsáid as stór focal atá leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh i gcónaí leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil.<br>A níos ísle: fianaise ar thionchar trasteanga |
| 6-9<br><br>E níos ísle<br>4-6 | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach easpa éagsúlachta ann. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga 'aistrithe' shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-5<br><br>E níos ísle<br>1-3 | Eolas agus stór focal an-teoranta. Úsáidtear focail atá an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = ...<br>E / E níos ísle = ...<br>Iomlán = ... |

**C.3. Scríbhneoireacht faoi threoir (40 marc)**
Scríobh giota de phrós leanúnach **i Rúisis** (**140 focal**) mar fhreagra ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas.

**1. LITIR**
Scríobh litir fiosraithe faoi thaithí oibre/ intéirneacht. I do litir bíodh tagairt agat do na pointí seo a leanas:

A. Réamhrá na litreach
B. Buneolas fút féin, do chuid oideachais san áireamh
C. Buneolas fút féin, do chaitheamh aimsire san áireamh
D. An fáth a bhfuil spéis agat sa chomhlacht seo
E. Do thaithí oibre go dtí seo
F. Deireadh

**2. SCÉALAÍOCHT**
Scríobh faoi chuimhne phléisiúrtha atá agat ón uair a bhí tú i do pháiste.

A. Pléisiúrtha
B. Cuimhne/aois an pháiste
C. Cá ndeachaigh tú? (Bronn marcanna as an gcur síos ar áit, na háiseanna a bhí ann, na seirbhísí, an tírdhreach, an daonra)
D. Cé leis a raibh tú?
E. Cad a rinne tú? (Bronn marcanna as an méid a rinne daoine eile i 'do' ghrúpa (léigh 'tú' mar uimhir iolra)
F. (Faisnéis chomhthéacsúil ábhartha)

**3. PLÉ**
Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le seirbhís mhíleata náisiúnta nó le seirbhís shibhialta náisiúnta do gach duine.

A. Buntáistí
B. Míbhuntáistí
C. Faisnéis chomhthéacsúil ábhartha eile

| | |
|---|---|
| *Cumarsáid + ábhar* | *15* |
| *Úsáid teanga + cumas scríofa* | *15* |
| *Comhleanúnachas sa téacs* | *10* |

*Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Sa chás go bhfaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna ar an gcéad cheist/dara ceist, ní éilítear ar an scrúdaitheoir an cheist/na ceisteanna ina dhiaidh sin a mharcáil.*

*1. Cumarsáid/ábhar (C)*
*Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - F) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, úsáid uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.*
*Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN á chur ar fáil ó gach ceann de na catagóirí A – D, A – E nó A – D (E, F, G).*

*Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí a thógtar focal ar fhocal ó théacsanna léirthuisceana agus ná cuir san áireamh iad le haghaidh ábhair nó cumas scríofa. Ceadaigh iasachtaí focal/ frásaí ó théacsanna léirthuisceana a chomhtháthaítear i dteanga na n-iarrthóirí féin. Treoir ghinearálta: caithfidh rud éigin (50% abair) de chuid an scoláire a bheith in abairt le go dtig leis/léi creidiúint a fháil.*

*2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.*
*Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil an cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.*
*Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9/10 + 11/12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.*
*Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.*
*Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.*
*Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (–1 nó – 2).*

| E níos ísle<br>Ex 10 | E<br>Ex 15 | Cumas Scríofa |
|---|---|---|
| **7 – 10** | **11 – 15** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin **litrithe** ann, **gramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4 – 6** | **6 – 10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad **litrithe** ann. Gan mórán drochearráidí/mionearráidí iomadúla **gramadaí**: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 – 5** | **Stór focal** an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad **litrithe**, drochearráidí **gramadaí**: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| A níos ísle | Cumas Scríofa |
|---|---|
| **11 – 12** | **Stór focal**, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb i dtaobh **aimsirí**, **gné** agus **tuisil** a úsáid. Gan aon deacracht le **struchtúir chasta chomhréire**. **Ton** cuí agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9 – 10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton míchuí agus sainréim teanga mhíchuí, b'fhéidir. Úsáid réasúnta maith bainte as gné agus aimsirí. |
| **7 – 8** | Úsáid an **stóir focal** maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil. |

**3. Comhleanúnachas sa téacs:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas sa téacs (**TC**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas sa téacs |
|---|---|
| **9 – 10** | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| **7 – 8** | Forbairt déanta go ginearálta ar an ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, tríd is tríd, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5 – 6** | Eagrú sásúil déanta ar an ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamhuaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| **3 – 4** | Cumas teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1 – 2** | Cumas an-teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Ar éigean a bhfuil an struchtúr comhleanúnach in aon chor |
| **0** | Eagraithe chomh dona sin agus a laghad comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas sa téacs (TC) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = ...<br>E = ...<br>TC = ... |

Iomlán =

**CLUASTUISCINT (80 marc)**

Ginearálta:
- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.
- Glac le freagraí atá scríofa i Rúisis.
- Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (e.g. 'iomaí ciorcail' in ionad 'iomaíocht sorcais'.) Ná bronn aon mharcanna dá mbeadh deacracht ag cainteoir Gaeilge nach dtuigeann an Rúisis a chinneadh cad a chiallaíonn an Ghaeilge.

***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.***
***Nuair a thugann iarrthóir leath na sonraí ó mhír amháin ar an scéim mharcála agus leath ó mhír eile, bronn dhá mharc ar an iarrthóir: e.g. Roinn IV, 1.ii. tá na sonraí seo a leanas sa scéim mharcála:*** + rinne sí iarratas/ fiosrúchán i leathchuid de na dánlanna i mBaile Átha Cliath + thug a fear céile aghaidh ar an leath eile
**I gcás go scríobhann an t-iarrthóir:** chuaigh sise agus a fear chéile thart ar na músaeim i mBaile Átha Cliath, bronn dhá mharc le haghaidh fear céile agus í ag dul thart ar Bhaile Átha Cliath xxx agus ná bronn marc ar bith do mhúsaeim = iomlán 2 mharc

**ROINN I**
**Comhráití gearra**

**1.i. An duine a ghlaonn, cad a theastaíonn uaidh a cheannach? Tabhair sonra amháin.**
Cathaoir bhog/ tolg/ dibheán / leaba (thoilg)

**1.ii. Cathain a bhuailfidh sé isteach sa siopa? Tabhair sonra amháin.**
3 p.m./ tráthnóna

**2. Tabhair dhá shonra faoin duine atá tinn.**

Ivanova /Alla /Sergeevna + seanmháthair an duine/an ghlaoiteora/duine scothaosta + dáta breithe/ rugadh an duine an 17.04/1960 + seoladh Sráid Belkin(,56) + (uimhir ghutháin) 5675678

**3. Tabhair dhá shonra faoi na laghduithe atá ar fáil faoi láthair sa siopa éadaí.**
laghdú 30% + T-léinte + brístí deinime
**Ná bronn aon mharc**: léinte + geansaithe

**4. Tabhair dhá shonra faoin ticéad a cheannaigh an paisinéir.**
traein ag 4 p.m. + ó Mhionsc go Mogilev + ar an Satharn + carráiste + leaba bhuinc íochtair íochtair/ leaba íochtair, suíochán íochtair, áit ag an mbun/áit íochtair
**gan aon mharcanna:** suíochán thíos staighre, ticéad do vaigín coupé, vaigín P

**5. Tabhair dhá shonra faoin gcomhrá seo.**

Tá mac léinn/sí/bean/cailín ag lorg leabhair + níl an leabhar ar fáil ach le leabhar eile + i leabharlann/leabharlannaí + úrscéal/ "Germinal"/ le Émile Zola + is mac léinn í/sa tríú bliain (glac le 'cúrsa') sa choláiste/san ollscoil + an Rannóg Rúisise / Focleolaíochta/teangacha + tá cead aici an leabhar a choimeád ar feadh 2 sheachtain
**gan aon mharcanna:** ag ceannach leabhair; leabhar rómánsúil/scéal grá; leabhar le Tareze Rakel

**ROINN II**

**1. Tabhair dhá shonra faoin tréimhse a chaith Monica Loughman in Perm.**

1992 + (bhí) 11 (díobh) as Éirinn + tar éis 3 bliana d'obair chrua/ d'oibrigh sí go crua ar feadh 3 bliana + tugadh cuireadh di chuig Amharclann Perm + (ba í) an chéad/an t-aon eachtrannach san amharclann í + bhí sí 16 bliana d'aois + an chéad chailín bailé as Éirinn/bhí sí ag damhsa (in Perm) + chaith sí 16 bliana san amharclann/mar ghairmí/ chaith sí 19 mbliana in Perm + bhog sí ó Éirinn go Perm agus bhog sí ar ais go hÉirinn athuair
**gan aon mharcanna:** thosaigh sí ag foghlaim bailé nuair a bhí sí 16 bliana d'aois

**2.i. Cad a deir Monica faoin Rúisis a fhoghlaim? Tabhair sonra amháin.**

Ní raibh ach 1 fhocal ar eolas aici "Dia duit" + chaith sí trí bliana le hÉireannaigh agus níor labhair sí Rúisis + nuair a thosaigh sí ag obair san amharclann bhí uirthi í a fhoghlaim

**2.ii. Cad a mheallann Monica chuig ról Giselle? Tabhair sonra amháin.**

Oireann an ról di + is ról frith-Monica é + is maith léi ról carachtar eile a bheith aici/ scaoileadh léi féin (ar feadh 90 nóiméad)/ dul ar mire/ an cloigeann a chailleadh + tá siad go hiomlán difriúil lena chéile san fhíorshaol + tá Giselle saonta/goilliúnach

**3. Tabhair ceithre shonra faoi Acadamh Bhailé na Rúise in Éirinn.**

scothbhailé ML + maidir le páistí atá 5 bliana d'aois agus níos sine tá sé tábhachtach éisteacht le ceol/ comhaireamh + déanann siad an chéad agus an dara suíomh + tá sé cosúil le cluiche/spraoi + ó 10 mbliana d'aois aníos bíonn sé níos dáiríre + déanann siad damhsa, léiriú + maidir le déagóirí bíonn gach rud dian + bíonn meas acu ar a chéile + is féidir léi go leor a mhúineadh/a thaispeáint dóibh + tá (4/uimhir iolra) pháiste Rúiseacha i ngrúpa sóisearach + tá (2/uimhir iolra) pháiste Rúiseacha i ngrúpa sinsearach// 6 pháiste Rúiseacha sa scoil bhailé + Corcaigh agus Baile Átha Cliath + an t-aon damhsóir gairmiúil in Éirinn

**4. Tabhair dhá shonra faoi mhac Monica.**

tá sé 7 mbliana d'aois + déanann sé bailé + chuaigh sé chuig an Rúis/Cathair Pheadair + Damien + is maith leis rudaí difriúla

**ROINN III**

**1.i. Cá fhad a mhaireann an fhéile «Blas de Mhoscó»?**

4 lá

**1.ii. Cé mhéad cuairteoir a bhfuiltear ag súil leo ag an bhféile?**

40,000 cuairteoir

**2. Tabhair trí shonra faoin ábhar taitnimh do chuairteoirí ag an bhféile.**

(Beidh siad in ann) bia/ béilí agus deochanna (a bhlaiseadh) + ó (níos mó ná 20) bialann dhifriúil + tá (níos mó ná) 60 chef/cócaire den chéad scoth/iontach/ iomráiteach chun cócaireacht a dhéanamh + (níos mó ná 150) ionadaí (difriúil) ó bhrandaí éagsúla + níos mó ná 200 máistir-rang idirghníomhach agus dégustation + criosanna/limistéir spraoi do pháistí + seirbhísí feighlíochta páistí + earraí/táirgí ardchaighdeáin + eispéireas ar leith
**gan aon mharcanna:** taoisigh

**3.i. Tabhair trí shonra faoin gclár cultúir.**

15 ardán idirghníomhach + ceoltóirí + taibheoirí cáiliúla + snagcheol (tolglann) + taibhithe (amharclannaíochta/ gan choinne)
**gan aon mharcanna:** ealaíontóirí; clós súgartha

**3.ii. Tabhair dhá shonra faoin gcaoi a n-íocfaidh cuairteoirí as bia.**

'Blas' *('Taste')*/airgeadra dá chuid féin + 100 rúbal-1 bhlaiseadh/Bhlas + is féidir airgeadra 'Blas' a cheannach i mbainc 'Blas'/i mbainc an fhéile + ní thugtar aisíocaíochtaí ar bith / caithfidh tú é a chaitheamh ar bhia agus ar dheochanna + costas 'Blas' (3-5)

**ROINN IV**

**1.i. Cé hí Tatyana? Tabhair dhá shonra.**

(Tá sí ar dhuine de na) péintéirí/ealaíontóirí (is cáiliúla) (in Éirinn as Oirthear na hEorpa) + taispeántar a saothar i roinnt dánlann i mBaile Átha Cliath + tá sí (cláraithe) in *Buyer's Guide to Irish Art*. Tháinig sí in 2001 + is as (Iarthar) na hÚcráine/Oirthear na hEorpa di + tháinig a fear céile léi

**1.ii. Tabhair dhá shonra faoin gcéad chúpla mí a chaith Tatyana in Éirinn.**

bhí sé deacair + rinne sí iarratas/ fiosrúchán i leathchuid de na dánlanna i mBaile Átha Cliath + thug a fear céile aghaidh ar an leath eile + ní raibh duine ar bith ag iarraidh a cuid saothar a ghlacadh + níor aontaigh/ shocraigh ach traidhfil daoine dul sa seans

**2. Tabhair trí shonra faoi obair Tatyana.**

Déanann sí pictiúir den tírdhreach den chuid is mó + dúlra na hÉireann + áiteanna cáiliúla i mBaile Átha Cliath/in Éirinn + Tráthnóna ar Shráid (Grafton) + aghaidh Óstán (Shelbourne) + ceannaíonn sliocht na nEisimirceach Éireannach/daoine i gCeanada agus i SAM/daoine thar lear a saothar + bíonn an-tóir ar a cineál saothair + níos mó ná 10 dtaispeántas + díolta/ceannaithe ar líne + tá an grá atá aici d'Éirinn/do Bhaile Átha Cliath léirithe/curtha in iúl/le sonrú ina saothar
ó Roinn 3: oibríonn sí i scoileanna (Rúiseacha) + tugann sí máistir-ranganna

**3. Tabhair trí shonra faoin méid a deir Tatyana faoi Éirinn agus/nó faoin ealaín Éireannach.**

Is breá léi Éire + is breá léi Baile Átha Cliath + (is breá léi) báisteach na hÉireann + dathanna boga + ailtireacht na hÉireann + tithe tábhairne na hÉireann + radharc ar chuan Éireannach ar lá deas + báid iascaireachta/luaimh bhána + is maith léi ealaíontóirí Éireannacha + Walter Osbourne + Jack B. Yeats + músaeim Éireannacha

Leathanach Bán